




COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

SCÉIM TEANGA 2010 - 2012



Fógra: Dualgais faoin Scéim Teanga agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla


Sa Scéim teanga seo, leagtar amach na gealltanais atá déanta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, maidir leis na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil aige i nGaeilge nó go dátheangach, faoi Altanna 11-18 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá dualgais bhreise leagtha ar eagraíochtaí poiblí faoi fhorálacha eile atá leagtha amach san Acht agus faoi rialacháin atá déanta faoin Acht, lena n-áirítear dualgais i leith na nithe seo a leanas:

- Litreacha agus teachtaireachtaí ríomhphoist a fhaightear i nGaeilge
- Faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne/cora poist
- Foilseacháin, lena n-áirítear doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise áirithe
- Stáiseanóireacht, comharthaíocht agus fógairtí taifeadta béil

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi dhualgais reachtúla, téigh i dteagmháil le hOifigeach na Gaeilge, le do thoil, nó féach ar <http://www.tcd.ie/gaeloifig/acht-na-dteangacha-oifigiula/>

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH



Scéim Teanga 2010 -2012

Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Clár na n-Ábhar

Leathanach

1. Réamhrá agus Cúlra	
1.1 Treoirínte le haghaidh ullmhú na Scéime	1
1.2 An Próiseas Comhairliúcháin	1
1.3 Grúpa Oibre	1
1.4 Dáta tosaithe na Scéime	1
2. Forléargas ar Choláiste na Tríonóide	
2.1 Misean agus Cuspóirí	2
2.2 An Propast	2
2.3 Struchtúir Bhainistíochta agus Riaracháin	2
2.4 Líon Foirne agus Mac Léinn	3
2.5 Seirbhísí Acadúla	3
2.6 Seirbhísí Riaracháin	6
2.7 Saol an Mhic Léinn	9
2.8 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán an Bhéarla	10
2.9 Seirbhísí acadúla arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge	10
2.10 Seirbhísí riaracháin arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge	11
2.11 An Ghaeilge i saol Choláiste na Tríonóide	12
3. Gealltanais faoin scéim Teanga	
3.1 Breac-chur síos ar chuspóirí na Scéime	13
3.2 Gealltanais chun feabhas a chur ar sheirbhísí dátheangacha	13
<p>I. Suíomhanna gréasáin</p> <p>II. Na Meáin agus fógraíocht</p> <p>III. Foirmeacha, bróisiúir agus foilseacháin</p> <p>IV. Seirbhísí do chustaiméirí</p> <p>V. Earcaíocht agus oiliúint foirne</p> <p>VI. Teicneolaíocht faisnéise</p> <p>VII. An teanga bheo ar an gcampas</p> <p>VIII. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an pobal i gcoitinne</p>	
4. Cur i ngníomh agus monatóireacht na Scéime	19
5. An Scéim a phoibliú	20

1. Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht"). Forálann Alt 11 den Acht go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina mbeadh sonraithre na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge amháin
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Sa scéim tá cur síos ar na bearta a ghlacfar lena chinntiú, i gcás seirbhísí nach soláthraítear faoi láthair trí mheán na Gaeilge, go gcuirfear iad ar fáil laistigh de thréimhse ama a aontófar, mar is iomchuí.

1.1 Treoirínte le haghaidh Ullmhú na Scéime

Forálann Alt 12 den Acht go ndéanfaidh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta treoirínte a ullmhú agus go seolfadh an tAire na treoirínte sin chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo agus a ndrúacht-Scéimeanna á n-ullmhú acu. Dréachtaíodh an Scéim seo i gcomhréir leis na treoirínte sin.

1.2 An Próiseas Comhairliúcháin

De réir Alt 13 den Acht, d'fhoilsigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath fógraí san *Irish Times* ar 8 Aibreán 2009, agus sa nuachtán Gaeilge *Foinse* ar 13 Aibreán 2009, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe leasmhara uiríll a dhéanamh i ndáil le hullmhú na dréacht-Scéime. Tugadh cuireadh chomh maith do bhaill foirne agus do mhic léinn an Choláiste aighneachtaí a chur isteach. Reáchtáladh comhairliúchán le réimse leathan oifigí agus rannóg i gColáiste na Tríonóide. Fuarthas aighneachtaí ó na heagraíochtaí seo a leanas: Gaelscoileanna, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge agus An Cumann Gaelach, cumann Gaeilge na mac léinn, chomh maith le roinnt aighneachtaí a rinne daoine aonair. Baineadh úsáid as na haighneachtaí mar bhunús d'ullmhú na Scéime seo. Bhí cruinnithe faisnéise ann freisin le bainisteoirí riaracháin agus acadúla an Choláiste.

1.3 Grúpa Oibre

Chuir Coiste na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, grúpa oibre ar bun, le hionadaithe ann ó réimse leathan rannóg feidhmiúil i bpobal an Choláiste, chun comhairle agus treoir a sholáthar maidir le hullmhú na scéime seo.

1.4 Dáta tosaithe na Scéime

Cuirfear tús leis an Scéim le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhóidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15, cibé acu is túsce.

2. Forléargas ar Choláiste na Tríonóide

2.1 Misean agus Cuspóirí

Bunaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa bhliain 1592 le cairt ollscoile ón mBanríon Eilís I, agus lonnaíodh é ar shuíomh a fuarthas ó Bhardas Átha Cliath. D'fhorbair Coláiste na Tríonóide i gcaitheamh na mblianta agus tá sé anois ina ollscoil nua-aimseartha le 15,600 mac léinn agus 3,700 ball foirne. I láthair na huaire tá sé ar cheann de na hollscoileanna is iomráití ar domhan, agus tá ardchaighdeán an Choláiste le sonrú i measc a iarchéimithe, a sheasamh idirnáisiúnta sa taighde agus scoláireacht, agus an luach a aithníonn sé lena chion ar son mhuintir na hÉireann agus ar son an domhain i gcoitinne

I bPlean Straitéiseach nua 2009-2014 Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, leagtar amach an Fhís agus an Misean seo a leanas don Choláiste.

Fís

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a chlú mar ollscoil le tábhacht dhomhanda a neartú a thuilleadh. Cuirfear an fhís seo i gcrích trínár luachanna a léiriú go praiticiúil, agus go háirithe trí thiomantas láidir a léiriú do shaoirse an fhiosraithe agus na tuairimíochta intleachta, agus do luach an duine aonair.

Misean

Trínár dtaighde agus trínár dteagasc, bíonn mic léinn agus an tsochaí linn ag dul i ngleic leis an tóraíocht ar eolas, ag iarraidh sármhaitheas a bhaint amach ina ndéanamid, agus ag freagairt le cruthaitheacht agus le samhlaíocht do dhúshláin agus do dheiseanna na todhchaí atá romhainn ar fad.

Maidir leis an nGaeilge, gealltar sa Phlean Straitéiseach go n-ardófar próifíl Choláiste na Tríonóide mar lárionad don ghníomhaíocht acadúil agus chultúrtha trí mheán na Gaeilge. Luaitear sa phlean go ndéanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath méadú ar “an líon imeachtaí poiblí Gaeilge, cosúil le drámaí, léachtaí agus díospóireachtaí, a bheidh ar siúl ar an gcampas. Chun cabhrú linn an cuspóir seo a bhaint amach, agus chun próifíl Choláiste na Tríonóide a ardú mar ionad do ghníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha sa Ghaeilge, forbróimid comhpháirtíochtaí cruthaitheacha le heagraíochtaí Gaeilge”.

2.2 An Propast

Is é an Propast ‘Ceann an Choláiste’ agus an Príomhoifigeach, de réir mar atá sonraithe in Acht na nOllscoileanna 1997. (Tá post an Phropaist ionann le hUachtarán nó Leas-Seansailéir i roinnt ollscoileanna.) Bíonn an Propast ina chathaoireach ar an mBord agus ar Chomhairle na hOllscoile agus ar an gCoiste Airgeadais. Thosaigh an sealbhóir reatha oifige ina oifig i mí Lúnasa 2001.

2.3 Struchtúr Bhainistíochta agus Riaracháin

Tá struchtúr Bainistíochta agus Riaracháin an Choláiste bunaithe ar phrionsabail na coláisteachta. Oibríonn Oifigigh Acadúla, (ar a dtugtar Oifigigh Bhliantúla) go dlúth le hOifigigh Shinsearacha Riaracháin i bhforbairt polasaí agus i gcur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach an Choláiste, agus déanann an Propast na hOifigigh Acadúla a ainmniú gach bliain. Tréimhse oifige trí bliana comhleanúnacha a bhíonn ag na hOifigigh Bhliantúla de ghnáth.

Oifigigh Bhliantúla

- *An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil*
- *An Léachtóir Sinsearach*
- *An Cláraitheoir*
- *An Déan Taighde*
- *Déan an Léinn Chéime*
- *An Sparánaí*
- *Déan na Mac Léinn*
- *An Déan Sinsearach agus An Déan Sóisearach*
- *An Prócadóir Sinsearach agus An Prócadóir Sóisearach*
- *An tOide Sinsearach*
- *An tÓráidí Poiblí*
- *An tOifigeach Idirchaidreamh Pobail*

Oifigigh Riaracháin

- *An Príomhoifigeach Oibriúcháin (PO)*
- *Rúnaí an Choláiste*
- *An Cisteoir*
- *An Leabharlannaí*
- *Rúnaí na Foirne*
- *Stiúrthóir na bhFoircneamh*
- *Stiúrthóir na Seirbhísí Córas Faisnéise*
- *An Rúnaí Acadúil*
- *An Comhstíúrthóir Taighde agus Nuálaíochta*
- *Stiúrthóir na Seirbhísí Lóistín agus Lónadóireachta*
- *Seirbhísí do Mhic Léinn:* Déanann stiúrthóirí bainistiú ar sholáthar na seirbhísí seo a leanas do mhic léinn – an tSeirbhís Ghairmthreorach, Seirbhís Sláinte an Choláiste, an tSeirbhís Mhíchumais, Spórt agus Áineas agus Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn.
- *Stiúrthóir Gnóthaí Mac Léinn Idirnáisiúnta*
- *Stiúrthóir na dTionscnamh Straitéiseach*

Le haghaidh na cairte do struchtúr foriomlán Rialachais an Choláiste, féach Aguisín 1.

Le haghaidh na cairte don struchtúr Dáimhe agus Scoile, féach Aguisín 2.

Le haghaidh na cairte don struchtúr Riaracháin, féach Aguisín 3.

2.4 Líon Foirne agus Mac Léinn

San iomlán, bhí 15,716 mac léinn cláraithe sa tréimhse 2007/08. Tá 2,676 duine fostaithe sa Choláiste (2,146 lánaimseartha, 530 páirtaimseartha) — foireann acadúil is ea 828 díobh, foireann taighde acadúil 536 díobh agus foireann riaracháin, tacaíochta agus theicniúil 1,312 díobh.

2.5 Seirbhísí Acadúla

An phríomhsheirbhís a chuireann Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fáil ná oideachas agus taighde. Tá an Coláiste eagraithe i dtrí dhámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta; Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta agus Dámh na nEolaíochtaí Sláinte.

Tá Déan i gceannas gach dáimhe (tá Déan an Léinn Iarchéime ann freisin). Tá gach Dámh roinnte i Scoileanna (faoi láthair tá 24 Scoil ann).

Cuireann na Scoileanna seirbhísí oideachais an Choláiste ar fáil, idir chúrsaí fochéime agus iarchéime, a mbronntar teastais, diplómaí nó céimeanna mar thoradh ar a mbaint amach. Chomh maith leis sin, cuireann siad deiseanna taighde ar fáil a mbíonn ardchéimeanna mar thoradh ar a mbaint amach.

Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Scoil an Ghnó

An Scoil Drámaíochta, Scannánaíochta agus Ceoil

Scoil an Oideachais

Scoil an Bhéarla

Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

Scoil an Dlí

Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide

Scoil na Síceolaíochta

Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta

Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta

Scoil na Reiligiúin, na Diagachta agus na hÉacúiméinice

Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta

Scoil na Bithcheimice agus na hIomdhíoneolaíochta

Scoil na Ceimice

Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí

Scoil na hInnealtóireachta

An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta

Scoil na Matamaitice

Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha

Scoil na Fisice

Dámh na nEolaíochtaí Sláinte

SScoil na hEolaíochta Déadaí

Scoil na Leighis

Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais

Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta

Cúrsaí Fochéime

Is gá ar a laghad ceithre bliana a chaitheamh le formhór na gcúrsaí fochéime. Is é seo a thugtar ar na mic léinn sna blianta éagsúla Bliain 1: Mic Léinn na Chéad Bhliana; Bliain 2: Mic Léinn an Dara Bliain; Bliain 3: Sofaistí Sóisearacha; agus Bliain 4: Sofaistí Sinsearach. De ghnáth bíonn mic léinn fochéime incháilithe le céim onórach a bhaint amach tar éis ceithre bliana, m.sh. Baitsiléir Ealaíon (BA). I gcásanna eisceachtúla (agus, chomh maith leis sin, i roinnt ábhar gairmiúil ar nós an leighis agus na hinnealtóireachta), féadtar gnáthchéim (i gcodarsnacht le céim onórach) a bhaint amach tar éis trí bliana staidéir.

Cúrsaí Iarchéime

Ag an leibhéal iarchéime, tá réimse céimeanna múinte agus taighde ag Coláiste na Tríonóide i ngach dámh. Is mic léinn iarchéime iad tuairim is 31% de na mic léinn, le 1,600 mac léinn i mbun céim thaighde agus 2,200 mac léinn ar chúrsaí múinte. Chomh maith le céimeanna acadúla, cuireann an Coláiste cáilíochtaí dioplóma iarchéime ar fáil (nach céimeanna iad), go díreach nó trí institiúidí gaolmhara.

Cúrsaí Seachtracha

Cuireann Coláiste na Tríonóide réimse cúrsaí seachtracha ar fáil i ndisciplíní éagsúla.

Leabharlann Choláiste na Tríonóide – seo an leabharlann is mó in Éirinn. Tiomsaíodh a bailiúcháin lámhscríbhinní agus leabhar clóite ó dheireadh an séú haois déag i leith. Chomh maith le míreanna a ceannaíodh agus míreanna a tugadh mar bhronntanas, tá an ceart ag an Leabharlann, ón mbliain 1801 i leith, gach foilseachán sa Bhreatain agus in Éirinn a éileamh faoi théarmaíocht na nAchtanna Cóipchirt comhleantacha. Faoi láthair, tá breis is ceithre mhilliún mír sa leabharstoc, lena n-áirítear bailiúcháin fhairsinge lámhscríbhinní, léarscáileanna agus cheoil. Tá trí ról ag an Leabharlann. Mar leabharlann ollscoile, freastalaíonn sí ar riachtanais mhic léinn fhochéime agus iarchéime an Choláiste agus ar an bhfoireann acadúil; chomh maith leis sin, tá sí ina leabharlann taighde a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici, ag cur tearc-ábhar ar fáil do scoláirí ó gach cearn den domhan. De bhreis air sin, soláthraíonn an leabharlann seirbhís faisnéise do ranna rialtais, d’eagraíochtaí taighde agus do chomhlachtaí tráchtála in Éirinn. Cuireann an Leabharlann seirbhísí léitheoireachta agus iasachta ar fáil, chomh maith le faisnéis agus seirbhísí do chuariteoirí, agus coinníonn sí cartlanna agus múnúintí an Choláiste agus reáchtálann sí Siopa na Leabharlainne.

Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Tá Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (CRT) ann chun go méadófar ar ráta rannpháirtíochta daoine nach mbíodh an deis acu roimhe seo fónamh a bhaint as an oideachas ag an tríú leibhéal. Tá roinnt clár arna reáchtáil ag CRT:

- Na Cláir Bhunscoile agus Iar-bhunscoile (CBI)
- Bealach Isteach Malartach 1: Cúrsaí Ullmhúcháin Ollscoile do Dhaoine Fásta Óga agus do Mhic Léinn Lánfhásta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Bealach Isteach Malartach 2: Cúrsaí Ullmhúcháin Ollscoile sna Saorealaíona: do Dhaoine Fásta Óga agus do Mhic Léinn Lánfhásta, Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CGOCBAC) & Coláiste na Tríonóide
- Bealach Isteach Malartach 3: An Bealach Isteach san Ardoideachas, Coláiste na Tríonóide i gcomhar le hOllscoileanna eile agus le HITBÁC
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-iontrála (CDCCIO)

Taighde

Cuimsíonn Straitéis Taighde Choláiste na Tríonóide gach mórdhisciplín acadúil. Tá institiúidí taighde ag Coláiste na Tríonóide sa néareolaíocht (TCIN) agus sa naineolaíocht (CRANN), agus Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide, le haghaidh na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí. Chomh maith leis sin, tá cuibhreannais taighde agus grúpaí taighde idirinstiúideacha ann i réimsí mar: an teileachumarsáid agus taighde slabhra luacha, an t-imeascadh idirnáisiúnta, an leigheas móilíneach, an inimirce, agus an fhorbairt idirnáisiúnta. Tá tús áite ag Coláiste na Tríonóide i roinnt mórstaidéar náisiúnta fadama, lena n-áirítear taighde ar leanaí agus aosú. Tá breis is 30 ionad taighde ann, lena n-áirítear na hionaid seo a leanas: Lárionad Léann na nInscní agus na mBan, An Institiúid Náisiúnta um Mhíchumas Intleachta (INMI), Lárionad Choláiste na Tríonóide um Thaighde ar Ealaín na hÉireann agus an Lárionad Acmhainní agus Taighde Frithbhulaíochta.

Oifig na gCaighdeán

Féachann Oifig na gCaighdeán le gníomhaíochtaí leanúnacha a chur chun cinn agus a éascú le feabhas a chur ar chaighdeán i scoileanna acadúla an Choláiste. Seo a leanas feidhmeanna Oifig na gCaighdeán: tacú le forbairt pholasaí agus ghnáthaimh an Choláiste i ndáil le dearbhú agus feabhsú cáilíochta, próiseas athbhreithniúcháin cáilíochta an Choláiste a fhorbairt, a chothú agus a mheas agus éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide i ndearbhú cáilíochta an Choláiste ag leibhéal earnáil na hollscolaíochta.

An Lárionad um Chleachtais Acadúla agus Foghlaim na Mac Léinn (CAPSL)

Cuidíonn CAPSL leis an gColáiste creat a fhorbairt chun tacú leis an gcleachtas acadúil is fearr agus an caighdeán is airde a bhaint amach i bhfoghlaim na mac léinn, ag tacú leis an bPlean Straitéiseach.

2.6 Seirbhísí Riaracháin

Tagann struchtúr riaracháin Choláiste na Tríonóide leis an réimse leathan gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun bainistiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí iomadúla éagsúla a bhíonn ar siúl in ollscoil chomh mór leis seo.

Féach aguisín 3 le haghaidh cairt de struchtúr Riaracháin an Choláiste.

Cuirtear seirbhísí Riaracháin ar fáil sa Choláiste sna réimsí seo a leanas:

Oifigí/Réimsí	Achoimre ar an tSeirbhís a sholáthraítear
Seirbhísí Iostais agus Lónadóireachta	Seirbhísí lóistín do mhic léinn, don fhoireann agus do chuirteoirí, bia agus deoch, bainistí agus áiseanna comhdhála
Cláraitheoir na Seomraí	Déanann Cláraitheoir na Seomraí lóistín cónaitheach do mhic léinn ar an gcampas a leithdháileadh
Iontrálacha (Léann Iarchéime agus Céime)	Iontrálacha Iarchéime
Iontrálacha (Fochéime)	Iontrálacha Fochéime
Alumni	Caidrimh Alumni, i gcomhar le Fondúireacht na Tríonóide
Oifig na nAlumni/ an Phrócadóra/ Thoghcháin an tSeanaid í	Ócáidí Tionscnaimh, dámhachtainí dioplóma agus teastais, bunachar sonraí alumni, clár toghthóirí an tSeanaid
An tSeirbhís Ghairmthreorach	Comhairle agus eolas faoi ghairmeacha do mhic léinn agus do chéimithe
Naíolann an Choláiste	Cúram leanaí ó 3 mhí go dtí 4? bliain d’aois
Seirbhísí Sláinte an Choláiste	Cúram príomhúil sláinte a sholáthar ar an gcampas le haghaidh gach mic léinn lánaimseartha, agus díriú ar ghnéithe síceolaíochta agus gairme shláinte na mac léinn agus oideachais faoi shláinte. Seirbhísí sláinte a sholáthar do gach ball foirne ar bhonn táille a íoc in aghaidh na míre
An tSéiplíneacht	Seirbhísí agus saoráidí séiplíneachta a sholáthar do mhic léinn agus do bhaill foirne na n-eaglaisí Críostaí agus na gcreideamh eile

An Oifig Chumarsáide	Cumarsáid inmheánach, laistigh de phobal an Choláiste, agus cumarsáid sheachtrach, lena n-áirítear na meáin, agus an Coláiste agus an obair a dhéanann sé a chur chun cinn i measc spriocghrúpaí seachtracha
Oifig Stiúrthóir na bhFoirgneamh	Obair ar fhoirgnimh agus obair chothabhála sa Choláiste a phleanáil agus a chomhordú, bainistiú ar sheirbhísí lasc-chláir agus sheomra an phoist agus saincheisteanna maidir le sláinte ar an láthair oibre, ceisteanna sábháilteachta agus leasa
An tSeirbhís Mhíchumais	Comhairle, tacaíocht agus eolas chun cuidiú le mic léinn agus foireann atá faoi mhíchumas
An Oifig Fiosrúchán	Seirbhís fiosrúchán a sholáthar don fhoireann, do mhic léinn agus do chuairoteoirí agus córas lárnach áirithinte seomraí an Choláiste a fheidhmiú. Tá an oifig seo freagrach freisin as as eolaire na gcúrsaí eachtarmhúra agus as Féilire an Choláiste
An Oifig Comhionannais	Oibriú chun a chinntiú go mbaineann mic léinn agus foireann an Choláiste fóir as timpeallacht urramach neamh-idirdhealaitheach oibre agus shóisialta
Oifig na Scrúduithe	Reachtáil scrúduithe an Choláiste agus córas lárnach bainistithe eolais do shocrú amchláir
An Oifig um Shaoráil Faisnéise	Cuidiú leis an gColáiste na ceanglais atá air faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, faoin Acht Cóipchirt agus faoi achtanna gaolmhara a chomhlíonadh
Iniúchadh Inmheánach	Tacú leis an gCoiste Iniúcháireachta, a chuireann comhairle ar an gColáiste maidir leis na príomhrioscaí airgeadais agus oibriochtúla, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus breithmheas a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le luach ar airgead
An Oifig Idirnáisiúnta	Tacú le mic léinn ó thíortha eile ar mian leo staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide agus cuidiú le mic léinn de chuid an Choláiste ar mian leo staidéar a dhéanamh thar lear faoin gclár Erasmus nó ar chláir mhalartaithe mac léinn eile
Oifig na Mac Léinn Lánfhásta	Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn lánfhásta, idir mhic léinn reatha agus ábhar mac léinn

Oifigeach na Gaeilge	Féach rannóg 2.9 thíos
Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta	Tacú go gníomhach le punann choiteann taighde Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus cur chun cinn agus bainistiú an chaidrimh idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus tionscail. Chomh maith leis sin, bainistiú ar Mhaoin Intleachtúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar Mhalartú agus Nuálaíocht Teicneolaíochta, ar Thráchtálú agus ar Fhiontraíocht
Oifig an Phropaist	Tacú leis an bPropast ina fhreagrachtaí mar Phríomhoifigeach an Choláiste. Feidhmiú freisin mar áis chaidrimh idir an Coláiste agus an pobal i gcoitinne, ag cur chun cinn caidreamh éifeachtach le ranna rialtais, le gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus le páirtithe leasmhara seachtracha tábhachtacha eile. Éascú ar chuartheanna a thugann toscaireachtaí idirnáisiúnta agus daoine tábhachtacha eile ar an gColáiste agus soláthar eolais ar chúrsaí a bhaineann le prótacal. Idirghníomhú freisin leis an Seansailéir agus na Leas-Seansailéirí ar chúrsaí a bhaineann leis an Ollscoil
Oifig an Rúnaí	Tacaíocht riaracháin a sholáthar don Bhord agus don Chomhairle, a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht iomchuí, cúrsaí dlíthiúla a théann i bhfeidhm ar an gColáiste a phróiseáil. Tá an oifig seo freagrach as cúrsaí Cumarsáide, Comhionannais, as Fiosrúcháin, as Comhlíonadh Faisnéise agus as seirbhísí Gaeilge, seirbhísí atá lonnaithe laistigh den Oifig seo. Chomh maith leis sin, cuireann an oifig tacaíocht riarthach ar fáil do Chláraitheoir an Choláiste agus do Bhailiúchán Ealaíne an Choláiste
Spórt agus Áineas	Áiseanna spóirt a sholáthar chun freastal ar riachtanais na ndaoine agus na 50 club spóirt sa Choláiste. Déanann Club Lárnach Lúthchleasaíochta Ollscoil Átha Cliath riar ar chlubanna spóirt sa Choláiste
Oifig na Foirne	Seirbhísí a sholáthar don choláiste agus don fhoireann i ndáil le hearcaíocht foirne, ardú céime foirne, caidrimh foirne, párolla, polasaithe agus gnáthaimh. Chomh maith leis sin, seirbhísí forbartha foirne agus seirbhísí oiliúna a sholáthar, tacú leis an bplean straitéiseach trí réitigh spriocdhírithé forbraíochta agus oiliúna a chur ar fáil chun tacú le baint amach na gcuspóirí sonraithe

Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn	Is síceolaithe agus oibríthe sóisialta cáilithe atá ag obair sa tSeirbhís Chomhairleoireachta, atá ar fáil do gach mac léinn cláraithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Seirbhís na nOidí	Seirbhís tacaíochta faoi rún do gach mac léinn fochéime i ndáil le gach gné den saol sa Choláiste. Cuirtear seirbhísí comhchosúla ar fáil do mhic léinn iarchéime trí mheán na Seirbhíse um Chomhairle Iarchéime
Oifig Thaifid na Mac Léinn	Seirbhísí i ndáil le taifid na mac léinn, le clárú mac léinn, le córas aitheantais do mhic léinn, táirgeadh achoimre ar thaifid acadúla, trascríbhinní agus teastais tinrimh, deontais agus iasachtaí do mhic léinn, torthaí foilsithe scrúduithe a chruthú agus a choinneáil ar chomhad lárnach, bileoga taifid mac léinn, sonraí agus tuairiscí staitistiúla, comhad cartlainne a choinneáil
Oifig an Chisteora	Bainistiú airgeadais i ngach réimse gníomhaíochta de chuid an Choláiste, seirbhísí i ndáil le híocaíocht tuarastail agus pá, cuntais infhála, baincéireacht, soláthar, cánachas, cuntasaíocht taighde, forbairt córas faisnéise airgeadais, agus táillí na mac léinn
Seirbhísí Córas Faisnéise	Comhairle, seirbhísí tacaíochta agus cothabháil a sholáthar i ndáil le gach córas teicneolaíochta faisnéise do mhic léinn agus d'fhoireann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Oifig an Ghréasáin	Dearadh amhairc agus seirbhísí forbartha tosaigh a sholáthar do shuíomhanna gréasáin an Choláiste i ngach réimse i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Chomh maith leis na seirbhísí atá luaite thuas, cuireann aonaid ar nós an tAonad Bithacmhainní agus Áis na nÁbhar Guaiseach sa Choláiste seirbhísí speisialaithe ar fáil.

Saol an Mhic Léinn

Aontas na Mac Léinn

Is é Aontas Mhic Léinn Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (AMCCTBÁC), eagraíocht atá neamhspleách ar an gColáiste, a dhéanann ionadaíocht thar ceann gach mic léinn sa Choláiste agus sna Coláistí Cleamhnaithe.

Aontas na nIarchéimithe

Is eagraíocht neamhspleách é Aontas na nIarchéimithe freisin, a dhéanann ionadaíocht thar ceann iarchéimithe an Choláiste.

2.8 Seirbhísí arna soláthar faoi láthair trí mheán an Bhéarla

Tá gach seirbhís de chuid an Choláiste á soláthar trí mheán an Bhéarla ach amháin na seirbhísí arna sonrú i rannóga 2.9 agus 2.10 thíos.

2.9 Seirbhísí acadúla arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge

Disciplín na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha

Bunaíodh Cathaoir na Gaeilge i Scoil na Diagachta sa bhliain 1840 agus d'fhan sí sa Scoil sin go dtí an bhliain 1918. Shuigh roinnt de na scoláirí Ceilteacha is iomráití sa 20ú hAois sa Chathaoir seo, Thomas F. O'Rahilly (1919-'29) agus David Greene (1955-'67) ina measc, chomh maith le duine de mhórscribhneoirí cruthaitheacha sa Nua-Ghaeilge, Máirtín Ó Cadhain (1969-'70). Bhí Eleanor Knott agus E. G. Quin ina nOllúna le Luath-Ghaeilge sa Scoil.

Is mór an t-ábhar bróid iad na hardchaighdeáin sa Ghaeilge agus sa Léann Ceilteach a leag na scoláirí seo síos. Ábhar tábhachtach léitheoireachta fós féin is ea foilseacháin T.F. O'Rahilly ar chanúintí na Gaeilge agus ar stair agus ar mhiotaseolaíocht na hÉireann ársa, an léacht a thug O'Rahilly i gColáiste na Tríonóide ar 'The Two Patricks', agus na hailt iomadúla ar ghnéithe éagsúla de stair na Gaeilge a scríobh David Greene. Leag eagráin Eleanor Knott den dán díreach síos ardchaighdeáin d'eagarthóirí a thiocthadh ina diaidh agus tá gach mac léinn le Luath-Ghaeilge faoi chomaoin ag Gordon Quin, a chaith an chuid is mó dá shaolré mar scoláire ag tabhairt *The Dictionary of the Irish Language* chun críche.

Tá Disciplín na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha suite i bhFoircneamh na nEalaíon ar an gcampas. Anseo tá cóipeanna ar mhicreascannán le fáil de Bhailiúchán Choimisiún Bhéaloideas Éireann de Lámhscríbhinní Béaloideas.

Múintear an Luath-Ghaeilge agus an Nua-Ghaeilge mar dhá ábhar ar leithligh. Féadtar an dá ábhar a dhéanamh mar chúrsa onóracha amháin sa 'Luath- agus Nua-Ghaeilge' (BA, 4 bliana) nó iad a dhéanamh ina n-aonar le hábhair eile mar chuid den 'Mhodhnóireacht Dhá Ábhar' (BA, 4 bliana). Féadfaidh mic léinn taighde MLitt (1-3 bliana) nó PhD (2-5 bliana) a dhéanamh. Déanann baill foirne maoirseacht faoi láthair ina n-ábhair féin; forbraíodh dhá chúrsa mhúinte iarchéime, an Dioplóma sa tSean-Ghaeilge (2007/8) agus an MPhil sa Luath-Ghaeilge (2008/9).

Tá Disciplín na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, atá lonnaithe i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, ar an aonad is mó a labhraítear an Ghaeilge sa Choláiste, agus a chroílár in oifig a Rúnaí, lena mbíonn teagmháil rialta ag na mic léinn.

An Leabharlann

Déantar turas Leabharlainne trí mheán na Gaeilge a thairiscint do mhic léinn na chéad bhliana le linn Sheachtain na dTosaitheoirí gach bliain. Buailtear leis na mic léinn tar éis a seisiúin réamheolais mar gheall ar an nGaeilge agus Teangacha Ceilteacha agus tugtar iad go dtí an Leabharlann le haghaidh turais trí mheán na Gaeilge, le béim ar leith ar na hacmhainní atá riachtanach dá gcúrsaí féin.

Ón mbliain 2005 i leith, forbraíodh cúrsa ar leithligh, *Basic Information Skills Training and Subject Resources for Irish, print and online*, agus tugtar é seo mar léacht agus ceardlann trí mheán na Gaeilge. Foireann na leabharlainne a thugann an cúrsa seo do mhic léinn na chéad bhliana.

Sa bhliain 2008, rinneadh an cúrsa sin a chomhnascadh le cuairt Leabharlainne Mhic Léinn na Chéad Bhliana agus reáchtáladh é i seomraí oiliúna na Leabharlainne mar chuid den turas. Tá turas trí mheán na Gaeilge ar fáil, ach é a iarraidh, d'aon ghrúpa nó duine atá bainteach

leis an gColáiste, bídís ina mic léinn le Gaeilge nó ná bíodh.

Seolann an Leabharlannaí Nuashealbhúchán litir trí mheán na Gaeilge chuig gach foilsitheoir Gaeilge, ag cur síos ar an Taisce Dhlíthiúil agus ar ról cartlannaíochta na Leabharlainne. Ó am go chéile seoltar litir trí Ghaeilge chuig foilsitheoirí Gaeilge nár chuir ábhar i dtaisce sa Leabharlann go fóill, ag meabhrú dóibh go bhfuil sé de cheangal orthu é sin a dhéanamh faoin Acht Cópchirt.

An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide (LLTC)

Cuireann an Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide ranganna Gaeilge ar fáil mar chuid de chlár na Modúl Teanga. Ag brath ar rialacháin chreidmheasa, féadfaidh mic léinn fochéime modúl Gaeilge a dhéanamh chun creidmheas a fháil nó mar rogha sheach-churaclaim (ar fáil d'iarchéimithe freisin). Go dtí seo, múineadh an Ghaeilge ag leibhéal A2, B1 agus B2 (comhleibhéal inniúlachta Eorpacha). Tá an curaclam bunaithe ar shraith tionscadal grúpa le heilimintí scríofa agus labhartha agus déantar é a theagasc den chuid is mó trí Ghaeilge le hábhar dílis Gaeilge.

Tá cúrsa sa Dátheangachas agus i gCothú na Gaeilge ar fáil freisin.

I measc tionscnamh eile, ghlac ball foirne páirt mar PI ar thionscadal taighde arna mhaoiniú ag Foras na Gaeilge chun feabhas a chur ar uirlisí anótála corpais don Ghaeilge le húsáid i dTionscadal nua Foclóir Béarla-Gaeilge Fhoras na Gaeilge agus sa tionscadal nuálaíoch nua abair.ie.

Abair.ie — Tionscadal “Cabógaí”

Is tionscadal nuálaíoch é “Cabógaí” arna stiúradh ag an *Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide*. D'fhorbair an tionscadal seo, atá maoinithe ag Foras na Gaeilge, as taighde a rinneadh roimhe sin ag leibhéal na hEorpa, agus tá sé mar aidhm aige sintéis teanga téacs-go-teanga a fhorbairt do chanúintí éagsúla na Gaeilge. Tá sé seo déanta cheana do Ghaeilge Thír Chonaill (féach www.abair.ie) agus tá tús curtha le hobair ar Ghaeilge Chonnacht – tiocfaidh Gaeilge na Mumhan ina dhiaidh sin. Ag brath ar mhaoiniú leanúnach, táthar ag súil le sintéis téacs-go-teanga a sholáthar do na canúintí Gaeilge neamhfhórleathana, rud a d'fhéadfadh cabhrú le caomhnú a leithéidí de chanúintí faoi bhagairt. Beidh an tionscadal ina acmhainn do chainteoirí, d'fhoghlaimoirí agus do mhúinteoirí na teanga, agus beidh tairbhe faoi leith ag baint leis dóibh siúd atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn agus atá ag iarraidh foghlaim conas mar a fhuaimnítear an teanga. Tá sé ina acmhainn ríthábhachtach chomh maith do lucht lagamhairc agus laglabhartha.

Dhírigh taighde breise sa *Teanglann Fóineolaíochta agus Urlabhra*, arna mhaoiniú ar dtús ag clár Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta, ar bhlas na gcanúintí Gaeilge.

Scoil an Oideachais

Soláthraítear réimse cúrsaí Gaeilge, ag leibhéal fochéime agus iarchéime araon, laistigh den Scoil Oideachais. Is féidir le mic léinn tabhairt faoi mhionthráchtas, faoi thráchtas nó faoi scrúduithe i nGaeilge. Tá cúrsaí Gaeilge ar fáil mar chuid de na cláir staidéir seo a leanas: BEd, PDE (HDip Dara Leibhéal), HDip (Bunscoile). Cuireann na Coláistí gaolmhara seo a leanas cúrsaí ar fáil i nGaeilge: Coláiste Mhuire Marino, CICE (Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann) agus Coláiste Oideachais Froebel.

2.10 Seirbhísí riaracháin arna soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge

Coiste na Gaeilge — is é seo Coiste Gaeilge an Choláiste. Déanann an Coiste maoirseacht ar ról Oifigeach na Gaeilge (féach thíos). Tagann baill an Choiste ó réimsí éagsúla ar fud an Choláiste. Tá stádas an Choiste le hardú go Coiste de chuid an Bhoird ó Eanáir 2010 amach.

Oifigeach Gaeilge Choláiste na Tríonóide – tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach an Ghaeilge a chur chun cinn i saol an Choláiste, a chinntiú go gcomhlíontar forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus na scéimeanna cónaithe do mhic léinn ar an gcampas agus ag Halla na Tríonóide i nDartraí (féach 2.11 thíos) a riar. Feidhmíonn Oifigeach na Gaeilge mar Rúnaí Choiste na Gaeilge. Oibríonn Oifigeach na Gaeilge go dlúth leis An Cumann Gaelach agus cuallachtaí mac léinn eile. Feidhmíonn sé/sí mar phreasoifigeach leis na meáin Ghaeilge, maidir le cúrsaí Gaeilge atá laistigh de réimse sainchúraimí Oifigeach na Gaeilge.

Seirbhísí aistriúcháin – déantar iad seo a chomhordú trí Oifig na Gaeilge. Déileálann Oifigeach na Gaeilge le hiarratais ar aistriúcháin ó bhaill foirne agus ranna an Choláiste a eascraíonn ó oibleagáidí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Plean Straitéiseach agus Cuntais Iniúchta an Choláiste – déantar iad seo a eisiúint go dátheangach.

An Oifig Chumarsáide

Úsáidtear ceannlínte dátheangacha ar Scáileáin Faisnéise an Choláiste, atá lonnaithe i bhFoirgnimh na nEalaíon, Hamilton agus Panoz. Tá teideal dátheangach ag foilseachán seachtainiúil fhoireann an Choláiste, *Scéala an Choláiste/Listings*, agus bíonn ábhar i nGaeilge ann gach seachtain. Eisíonn an Oifig Chumarsáide preaseisiúintí ó am go chéile i nGaeilge agus cothaítear caidrimh leis na meáin Ghaeilge faoi chúrsaí a bhaineann leis an gColáiste atá taobh amuigh de réimse sainchúraimí Oifigeach na Gaeilge.

Tuarascáil Bhliantúil an Choláiste – eisítear é go dátheangach gach bliain de réir Alt 10 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Mar pholasaí, déantar gach **Cárta Gnó de chuid an Choláiste** a tháirgeadh go dátheangach.

2.11 An Ghaeilge i saol Choláiste na Tríonóide

Tá áit ag an nGaeilge ag croílár an tsaoil chultúrtha agus shóisialta ar an gcampas. Meallann An Cumann Gaelach, cumann na mac léinn, ballraíocht mhór gach bliain. Eagraíonn an Cumann ócáidí rialta díospóireachta, sóisialta agus cultúrtha agus gach bliain tionóltar féile Ghaeilge a mhaireann seachtain, Éigse na Tríonóide, ar an gcampas. Tá na hócáidí a eagraítear dírithe ar mhic léinn agus ar bhaill foirne araon.

Tá scéimeanna cónaithe Gaeilge do mhic léinn lonnaithe ar an gcampas i lár na cathrach agus ag Halla na Tríonóide i nDartraí, Baile Átha Cliath 6, áit a gcónaíonn mic léinn i ngrúpaí árasán cóngaracha, agus a bhfuil an Ghaeilge mar theanga chumarsáide laethúil acu.

Cuirtear ranganna deonacha i nGaeilge, atá saor in aisce, ar fáil gach seachtain do bhaill foirne agus do mhic léinn. Reáchtáiltear ócáidí cultúrtha agus turais chomh maith.

Bíonn ábhar nach beag le fáil i nGaeilge i bpáipéar nuachta Aontas na Mac Léinn, the University Times, gach seachtain. Bíonn ábhar i nGaeilge le fáil go rialta sa Trinity News. Tá Oifigeach Gaeilge ag Aontas na Mac Léinn ar a Choiste Feidhmiúcháin chun an teanga a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí an Aontais.

3. Gealltanais faoin Scéim Teanga

3.1 Breac-chur síos ar chuspóirí na Scéime

Tá sé mar aidhm ag an gcéad Scéim Teanga de chuid Choláiste na Tríonóide díriú ar oifigí agus rannóga atá sa túslíne maidir le seirbhísí a sholáthar do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne, ag leagan amach spriocanna a mheastar a bheith insroichte laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

Le linn na chéad bhliana d'fheidhmiú na scéime seo, mar atá leagtha amach thíos, déanfar suirbhé i measc baill foirne ar fud an Choláiste, chun fáil amach cén cumas atá ann faoi láthair i rannóga cuí le seirbhísí Gaeilge a sholáthar.

Más iomchuí, cuirfear oiliúint ar fáil le linn shaolré na scéime seo, ag féachaint le gealltanais atá le déanamh sa scéim atá le teacht go díreach tar éis an chinn seo maidir le seirbhísí dátheangacha a fheabhsú. Tá na spriocanna oiliúna dírithe ar acmhainn institiúide an Choláiste maidir le seirbhísí dátheangacha a fheabhsú, agus an dúshraith riachtanach a leagan síos d'fheabhsú breise i scéimeanna ina diaidh seo.

Maidir le suíomhanna gréasáin an Choláiste, is é aidhm na scéime seo ná ardán bunúsach Gaeilge a leagan síos ar fud shuíomhanna gréasáin an Choláiste faoi dheireadh an tríú bliain, ar ar féidir tógáil i scéimeanna atá le teacht.

Is spriocdhátaí iad na dátaí a luaitear (faoi dheireadh bhliain 1 srl.) do bhaint amach an ghealltanais shonraithe.

3.2 Gealltanais chun feabhas a chur ar sheirbhísí dátheangacha

I. Suíomhanna Gréasáin

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta de leathanach gréasáin Gaeilge barrleibhéil a bheith aige ar shuíomhanna gréasáin na nDámh, na Scoileanna, na Ranna agus na n-oifigí Riaracháin, ina mbeidh eolas bunúsach ar ról, ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí na réimsí atá i gceist, agus i gcásanna áirithe, roinnt eolais bhreise.

Déanfar an t-éileamh seo a ionchorprú san Fhoirm Riachtanais Deartha agus sa Chomhaontú Tionscnaimh / Leibhéal Seirbhíse do gach iarratas nua ar dhearadh gréasáin (faoi dheireadh bhliain 1).

Beidh dhá leathanach gréasáin barrleibhéil ar fáil ar shuíomh gréasáin Oifig an Phropaist i nGaeilge, ag cur síos ar ról, ar fheidhmeanna agus ar stair na hOifige, ag nascadh le fáilte an Phropaist i nGaeilge agus le leaganacha Gaeilge an Phlean Straitéisigh agus na dTuarascálacha Bliantúla. Cuirfear leathanach gréasáin achomair ar fáil do shuíomh gréasáin an tSeansailéara chomh maith, ag leagan síos ról, fheidhmeanna agus stair na hoifige sin freisin (faoi dheireadh bhliain 1). Cuirfear ar a laghad dhá leathanach barrleibhéil ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin Halla na Tríonóide (faoi dheireadh bhliain 1). Beidh leathanach gréasáin na hOifige Fiosrúcháin, laistigh de shuíomh gréasáin Oifig an Rúnaí, ar fáil sa dá theanga (faoi dheireadh bhliain 1).

Cinntoidh an Oifig Chomhionannais go gcruthófar leagan dhoiciméad Word i nGaeilge den Fhoirm Chomhionannais Earcaíochta agus go mbeidh sé ar fáil ar líne le híoslódáil (faoi dheireadh bhliain 1), cé nach mbeidh a leathanach i nGaeilge ar fáil go dtí an bhliain dár

gcionn.

Beidh suíomh gréasáin achomair speisialta i nGaeilge ag suíomh gréasáin na Leabharlainne, a mbeidh fáil air ó phríomhleathanach baile na Leabharlainne, le heolas ar ról agus ar sheirbhísí na bpríomhréimsí laistigh den Leabharlann, lena n-áirítear Leabharlanna agus Bailiúcháin, Seirbhísí agus Áiseanna, Cabhair agus Oiliúint, an tSeanLeabharlann agus Leabhar Cheannanais (faoi dheireadh bhliain 2).

Faoi dheireadh bhliain 2, beidh an riachtanas maidir le leathanach gréasáin Gaeilge curtha i bhfeidhm ag na suíomhanna gréasáin seo a leanas: Oifig an Leas-Phrofaist/an Phríomhoifigigh Acadúil, Oifig na nIontrálacha, Oifig na Scrúduithe, Oifig Thaifid na Mac Léinn, an Oifig um Léann Iarchéime, Oifig an Chisteora, an Oifig Chomhionannais, an Oifig Chumarsáide, Oifig an Rúnaí, an Oifig um Chomhlíonadh Faisnéise, an leathanach baile Domhanda, an leathanach baile Logánta, leathanaigh “Coláiste na Tríonóide”, agus na trí shuíomh dáimhe- Dámh na hEalaíona, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta; Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta; agus Dámh na nEolaíochtaí Sláinte. Mar an gcéanna, cuirfidh siad seo a leanas an riachtanas maidir le leathanach Gaeilge i bhfeidhm: Oifig an Déin Shóisearaigh/Chláraitheoir na Seomraí agus an Oifig Iostais, Oifig Stiúrthóir na bhFoirgneamh, Déan na Mac Léinn, Oifig an Oide Shinsearaigh, an tSeirbhís Mhíchumais, Seirbhís Sláinte an Choláiste, Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn, an tSeirbhís Ghairmthreorach, agus an tSeirbhís Spóirt agus Áineasa. Ina theannta sin, beidh gach eilimint de shuíomh Oifig an Chisteora atá dírithe ar mhic léinn ar fáil sa dá theanga (faoi dheireadh bhliain 2).

Beidh leagan Gaeilge d’Fhoirm Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise ar fáil ar leathanach gréasáin Gaeilge na hOifige um Chomhlíonadh Faisnéise (faoi dheireadh bhliain 2).

Faoi dheireadh bhliain 3 beidh an riachtanas maidir le leathanach gréasáin Gaeilge curtha i bhfeidhm ag gach scoil, rannóg agus oifig riaracháin atá fágtha.

II. Na meáin agus fógraíocht

Úsáidfean leagan de Lógó an Choláiste ina mbeidh an Ghaeilge an-fheiceálach i ngach ábhar fógraíochta a bhaineann leis an nGaeilge, agus cinnteofar go n-úsáidfean Lógó Dátheangach Coláiste le haghaidh brandáil ghinearálta (seachas marsantacht) (faoi dheireadh bhliain 1).

Agus aonaid acadúla an Choláiste ag cur fógra cúrsa i nuachtáin náisiúnta, cuirfean leagan achomair amháin i bhfoilseachán Gaeilge (faoi dheireadh bhliain 1).

Déanfar 5% de na preaseisiúintí uile a eisiúint go dátheangach (faoi dheireadh bhliain 1), 10% an bhliain dár gcionn, agus 15% faoi dheireadh bhliain 3. Beidh rochtain neamhspleách ar chartlann phreaseisiúintí Gaeilge (faoi dheireadh bhliain 3).

Beidh leagan clóite i nGaeilge den Fhoirm Iarratais um Shaoráil Faisnéise ar fáil go díreach ón Oifig um Chomhlíonadh Faisnéise (faoi dheireadh bhliain 1) agus ar an suíomh gréasáin (faoi dheireadh bhliain 2).

Déanfar urlabhraithe a bhfuil ar a gcumas ionadaíocht a dhéanamh don Choláiste leis na meáin Ghaeilge a shainiú, agus forbrófar agus cothófar leathanach gréasáin ag liostáil na n-urlabhraithe sin (faoi dheireadh bhliain 2).

III. Foirmeacha, bróisiúir agus foilseacháin

Coinneoidh nuachtlitir fhoireann an Choláiste “Scéala an Choláiste/Listings” teideal dátheangach agus beidh ábhar i nGaeilge ann gach seachtain (leanúnach).

Beidh leathanach Gaeilge, “An Ghaeilge” i bhféilire an Choláiste, ina mbeidh eolas bunúsach ar an nGaeilge i saol an Choláiste agus eolas teagmhála gréasáin/teileafóin (faoi dheireadh bhliain 1).

Déanfar an litir a eisítear chuig comhairleoirí agus múinteoirí gairme le Réamheolaire Fochéime an Choláiste faoi iamh a eisiúint go dátheangach chuig gach scoil dara leibhéal ar oileán na hÉireann (faoi dheireadh bhliain 1).

Ag an gclárú, tabharfar cóip de Rialacháin an Choláiste do gach mac léinn i mBéarla agus i nGaeilge. Déanfar cur in iúl eolais maidir le seirbhísí i nGaeilge a éascú ag an am céanna (faoi dheireadh bhliain 1).

Cuirfidh an Leabharlann bileog/eolaí treorach do mhic léinn ar fáil i nGaeilge (faoi dheireadh bhliain 1).

Beidh Foirm Iarratais na Mac Léinn Lánfhásta ar fáil i nGaeilge i bhformáidí cruachóipe agus PDF (faoi dheireadh bhliain 2). Beidh an fhoirm iarratais do Chiste na dTaibh-ealaíon agus na nAmharc-ealaíon ar fáil sa dá theanga ar líne agus i gcruachóip (faoi dheireadh bhliain 2).

Tabharfar eilimintí dátheangacha isteach i Leabhrán na gCúrsaí Seachtracha –teidil reatha ar fud an Leabhráin, lógó/ainm an Choláiste, teideal an leabhráin agus an Réamhrá le bheith sa dá theanga (faoi dheireadh bhliain 2).

Cuirfidh Oifig an Oide Shinsearaigh, an tSeirbhís Mhíchumais, Seirbhís Sláinte an Choláiste, an tSeirbhís Ghairmthreorach, Spórt agus Áineas agus Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn eolaí achomair Gaeilge maidir le Seirbhísí do Mhic Léinn ar fáil, faoi chomhordú Dhéan na Mac Léinn (faoi dheireadh bhliain 2).

Cinntoidh Oifig na Scrúduithe, áit a bhfuil teidil oifigiúla chúrsaí acadúla as Gaeilge, go ndéanfar seo a léiriú ar chlár ama agus in eolas ar scrúduithe a eiseoidh an oifig sin (faoi dheireadh bhliain 2).

Cuirfear Réamheolaire achomair (2013), ina mbeidh eolas bunúsach maidir leis an gColáiste agus liosta achomair cúrsaí, ar fáil i nGaeilge (faoi dheireadh bhliain 3).

IV. Seirbhísí do chustaiméirí

Seirbhísí díreacha do chustaiméirí

Beidh ball foirne amháin ar fáil d'Oifig na dTáillí (laistigh d'Oifig an Chisteora) atá in ann gnó a dhéanamh go héifeachtach i nGaeilge agus i mBéarla araon (faoi dheireadh bhliain 2).

Cuirfear turais treoshuímh Leabharlainne ar fáil i nGaeilge, ar shocrú, le linn Sheachtain na dTosaitheoirí (leanúnach).

Déanfaidh an tSeirbhís Ghairmthreorach deiseanna gairme i nGaeilge a chur chun cinn i measc na mac léinn trína gaol le “Gairmeacha le Gaeilge”, agus go himmheánach i gcomhar le hOifig na Gaeilge agus le Scoil na Gaeilge (leanúnach).

Is iad na fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasaí ag an Ollscoil a chinntiú go mbeidh gnáthchleachtas Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí i bhfeidhm sa réimse seo, rud a chiallaíonn an méid seo a leanas faoi dheireadh bhliain 2 den scéim:

- Tabharfaidh foireann fáilte/lasc-chláir ainm na hOllscoile i nGaeilge agus i mBéarla
- Beidh eolas acu ar na bunbheannaithe, ar a laghad, i nGaeilge
- Beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm chun gur féidir leo an pobal a chur i dteagmháil, gan aon mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís trí Ghaeilge atá á iarraidh, má tá an tseirbhís sin ar fáil.

Beidh an fhoireann san Oifig Fiosrúchán in ann beannú do dhaoine i nGaeilge agus fiosrúcháin a chur ar aghaidh, nó glacfaidh siad sonraí teagmhála agus geallfaidh siad teacht ar ais chuig an duine sin laistigh de thréimhse réasúnta ama le cainteoir Gaeilge. Cuirfidh baill foirne ón oifig seo leabhrán ar fáil i nGaeilge chomh maith, ina mbeidh eolas bunúsach maidir leis an gColáiste agus sonraí teagmhála (faoi dheireadh bhliain 2).

Beidh beirt bhall foirne in Oifig an Rúnaí in ann déileáil le fiosrúcháin a dhéanfar go pearsanta nó ar an bhfón i nGaeilge agus tacaíocht i nGaeilge a sholáthar don Oifig Fiosrúchán (faoi dheireadh bhliain 2).

Beidh beirt bhall foirne in Oifig an Phropaist in ann freastal a thabhairt ar fhiosrúcháin a dhéanfar go pearsanta nó ar an bhfón i nGaeilge (faoi dheireadh bhliain 3).

I Leabharlanna Berkeley agus Hamilton, beidh ball foirne amháin ag na príomh-Dheasca lasachta ar fáil chun gnó a dhéanamh i nGaeilge idir 9r.n. agus 3.30i.n. (faoi dheireadh bhliain 3). Beidh ball foirne amháin ag príomhDheasc Fáilte/Eolais na Leabharlainne in ann beannú do dhaoine i nGaeilge agus fiosrúcháin a chur ar aghaidh, idir 9.30r.n. agus 5i.n. (faoi dheireadh bhliain 3).

Prótacail agus córais

Déanfar Prótacail Inmheánacha a chomhaontú chun fiosrúcháin i nGaeilge a láimhseáil in Oifig an Rúnaí agus san Oifig Chomhionannais, agus chun iarratais i nGaeilge maidir le Saoráil Faisnéise a láimhseáil san Oifig um Chomhlíonadh Faisnéise (faoi dheireadh bhliain 1).

Cuirfear córais oiriúnacha i bhfeidhm chun faisnéis a thabhairt d'fhoireann sheomra an phoist, chun a chinntiú gur féidir an post uile a thagann isteach agus a théann amach, agus an post inmheánach uile, a bhfuil seoladh air i nGaeilge, a threorú go pras go dtí an faighteoir agus an ceann scríbe ceart (faoi dheireadh bhliain 1).

V. Earcaíocht agus Oiliúint Foirne

Suirbhé

I gcéad bhliain feidhmíochta na scéime seo, déanfar suirbhé i measc na foirne ar fud an Choláiste chun leibhéil reatha cumais a thomhas i rannóga bainteacha maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge. Más iomchuí, cuirfear oiliúint ar fáil le linn shaolré na scéime seo, ag féachaint le feabhas a chur ar na gealltanais maidir le seirbhísí dátheangacha atá le déanamh le linn thréimhse na scéime díreach i ndiaidh an chinn seo.

Cúrsaí

Soláthróidh Oifig Forbartha na Foirne, i gcomhar le Oifigeach na Gaeilge, tacaíocht agus comhairle d'fhorbairt cúrsaí i nGaeilge (faoi dheireadh bhliain 1 agus leanúnach). Faoi réir ag comhaontú le bainistíocht áitiúil, agus áit a bhfuil sé nasctha le spriocanna forbartha foirne, éascóidh an Coláiste freastal ball foirne ar chúrsaí Gaeilge, áit a bhfuil an oiliúint seo bainteach le soláthar seirbhíse túslíne agus lena gcuid oibre (faoi dheireadh bhliain 1 agus leanúnach).

Earcaíocht

Coimeádfaidh an Coláiste na gealltanais maidir le seirbhís dhátheangach a rinneadh sa scéim seo i gcuimhne i gcónaí ina pholasaí earcaíochta (faoi dheireadh bhliain 1 agus leanúnach).

An chéad uair eile a mbeidh folúntas foirne ann i réimse Oifig an Leas-Phroipaist/An Phríomhoifigigh Acadúil, beidh inniúlacht seirbhís a sholáthar i nGaeilge i ngach ceann de na hoifigí seo a leanas mar riachtanas don phost sin: Oifig an Leas-Phroipaist/An Phríomhoifigigh Acadúil, Oifig na nIontrálacha, Oifig na Scrúduithe, Oifig Thaifid na Mac Léinn, an Oifig um Léann Iarchéime (leanúnach).

VI. Teicneolaíocht Faisnéise

Déanfar an teachtaireacht uathoibríoch ríomhphoist a eisítear nuair atá leabhair Leabharlainne atá le tabhairt ar ais déanach a eisiúint i bhformáid dhátheangach (faoi dheireadh bhliain 1).

Tacóidh córais a fhorbrófar go coitianta agus a dtacaíonn Seirbhísí Córais Faisnéise Choláiste na Tríonóide leo, m.sh. ríomhphost, córais oifige, uirlisí foilseacháin gréasáin, leis an nGaeilge agus an Béarla araon. Beidh tacaíocht chun teacht ar phacáistí Gaeilge (litreoirí, uirlisí profála) ar fáil ar iarratas (faoi dheireadh bhliain 1).

Déanfar córais sna Seomraí Ríomhairí le Rochtain Phoiblí a úsáidtear go coitianta agus atá dírithe ar an bpobal agus a dtacaíonn Seirbhísí Córais Faisnéise Choláiste na Tríonóide leo comhoiriúnach trí ligeán d'ainmneacha agus seoltaí logainmneacha a thaifead, a thaispeáint agus a phriontáil i gceachtar den dá theanga oifigiúla, ag brath ar an úsáideoir (faoi dheireadh bhliain 1).

Beidh leagan Gaeilge de Chomhéadan Cuardaigh Chatalóg Mílaoise na Leabharlainne ar fáil ag soláthar cuardaigh (agus téacs tacaíochta riachtanach) de gach taifead de chuid na Leabharlainne sa phríomhchatalóg ar líne (faoi dheireadh bhliain 2).

Tacóidh Córas Faisnéise reatha na Mac Léinn le cur isteach, taispeáint agus priontáil sonraí, lena n-áirítear eolas faoi mhic léinn, ainm, seoladh agus eolas beathaisnéiseach, i nGaeilge nó i mBéarla (faoi dheireadh bhliain 2).

Tacóidh bunachar sonraí an Chórais Tacaíochta Taighde ar líne le cuardach, taispeáint agus priontáil eolais a chuirtear isteach i nGaeilge nó i mBéarla (faoi dheireadh bhliain 3).

Má fhorbraítear córas nua ar líne do chur ar rolla agus do chlárú na mac léinn, cuirfear rogha isteach sa phróiseas tairisceana chun clárú i nGaeilge chomh maith leis an rogha maidir le heolas beathaisnéiseach a thaifeadadh i nGaeilge (leanúnach).

Déanfar an cumas tacú le cur isteach, taispeáint agus priontáil sonraí — lena n-áirítear eolas faoi mhic léinn, ainm, seoladh agus eolas beathaisnéiseach — i nGaeilge nó i mBéarla a chur isteach i bpróiseas tairisceana córais nua eolais do mhic léinn (leanúnach).

I gcás go ndéanfar stáisiúin oibre ríomhairí na hOllscoile a chur in ionad nó a nuashonrú, déanfar iad seo a chumrú chun tacú le cur isteach, taispeáint agus priontáil eolais i nGaeilge nó i mBéarla (leanúnach).

An Straitéis Chumasúcháin: Déanfar an t-éileamh go mbeidh an córas in ann tacú le cur isteach, taispeáint agus priontáil sonraí- eolas foirne, ainm, seoladh agus sonraí beathaisnéiseacha san áireamh- i nGaeilge nó i mBéarla a chur isteach i bpróiseas tairisceana agus forbartha bunachair shonraí nua faisnéise foirne (leanúnach).

VII. An teanga bheo ar an gcampas

Mic Léinn

Riartar Scéim Chónaithe Ghaeilge ar an gcampas do mhic léinn leantacha sa Choláiste i gcomhar le Coiste na Gaeilge agus leis an Oifigeach Gaeilge. Is féidir bheith ag dréim leis go leanfaidh sí seo ar aghaidh go deireadh ré na Scéime Teanga seo faoi réir ag comhaontú idir Oifig an Déin Shóisearaigh / Chláráitheoir na Seomraí, an Oifig Iostais agus Oifig na Gaeilge. Déanfar na mic léinn a ghlacfaidh páirt sa Scéim a roghnú trí phróiseas iomaíoch, agus gheobhaidh siad deontas ó Choiste na Gaeilge má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe (leanúnach).

Mar an gcéanna, tá Scéim Chónaithe Ghaeilge i bhfeidhm i Halla na Tríonóide do mhic léinn sa Choláiste i gcomhar le Coiste na Gaeilge agus leis an Oifigeach Gaeilge. Is féidir bheith ag dréim leis go leanfaidh sí seo ar aghaidh go deireadh ré na Scéime Teanga seo, faoi réir ag comhaontú idir Maor Halla na Tríonóide, an Oifig Lóistín agus Oifig na Gaeilge. Táthar ag dréim leis go gcuirfear 12 áit ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana agus 6 áit do mhic léinn an dara bliain. Déanfar na 18 mac léinn a roghnú trí phróiseas iomaíoch, agus gheobhaidh siad deontas ó Choiste na Gaeilge má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe (leanúnach).

Coinneofar bloc tithíochta amháin i Halla na Tríonóide go príomha do mhic léinn a bhfuil suim acu bheith ina gcónaí i bpobal labhartha Gaeilge (faoi dheireadh bhliain 1).

Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil ag leibhéal éagsúla, saor in aisce, do mhic léinn (faoi dheireadh bhliain 1).

Cuirfear seomra ar fáil go speisialta don Ghaeilge (“Seomra na Gaeilge”) mar chuid den Ionad nua do Mhic Léinn atá á fhorbairt. Feidhmeoidh Seomra na Gaeilge mar spás sóisialta trí mheán na Gaeilge a bheidh ar fáil do chuallacht na mac léinn (le dearbhú).

Foireann

Soláthrófar ranganna Gaeilge ag leibhéal éagsúla saor in aisce do bhaill foirne agus cuirfear clár d’ócáidí sóisialta agus cultúrtha ar fáil do bhaill foirne (faoi dheireadh bhliain 1).

VIII. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Pobal i gCoitinne

Déanfar turais i nGaeilge chuig taispeántas Leabhar Cheanannais a éascú, ach iad a shocrú roimh ré (faoi dheireadh bhliain 1).

Eagróidh Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i gcomhar le Oifigeach na Gaeilge, siompóisiam/seimineár don phobal i gcoitinne ar an nGaeilge sa chóras dlí, reachtaíocht agus cearta teanga (faoi dheireadh bhliain 2).

Cothóidh Oifigeach na Gaeilge caidrimh leis an bpobal agus eagraíochtaí seachtracha Gaeilge chun tiomantas Choláiste na Tríonóide do theagmháil a chothú leis an bpobal i gcoitinne a chur chun cinn. Déanfaidh an tOifigeach iniúchadh ar bhealaí ina bhféadfaí comhoibriú le Fondúireacht na Tríonóide agus Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide chun na spriocanna seo a bhaint amach (leanúnach).

4. Cur i nGníomh agus Monatóireacht na Scéime

Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge pleananna forfheidhmithe a chaibidliú go bliantúil le gach roinn nó rannóg atá ag tabhairt gealltanais faoin scéim seo. Bunófar Grúpa Forfheidhmithe na Scéime Gaeilge faoi choimirce Choiste na Gaeilge. Tiocfaidh an Grúpa Forfheidhmithe le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna forleathana a aontaítear. Tabharfaidh an Grúpa Forfheidhmithe tuairiscí do Choiste na Gaeilge ag deireadh gach bliana le linn fheidhmiú na scéime seo, agus tabharfaidh Coiste na Gaeilge tuairisc don Bhord ar chomhlíonadh na scéime. Beidh an Grúpa Forfheidhmithe ag comhoibriú chomh maith le hOifig an Choimisinéara Teanga.

5. An Scéim a Phoibliú


Déanfar ábhar na scéime seo, maille leis na gealltanais atá déanta laistigh di, a phoibliú don phobal i gcoitinne, ar na bealaí seo a leanas:-

- Preaseisiúint.
- Seoladh oifigiúil na scéime.
- Fógraíocht forálacha.
- Scaipeadh i measc gníomhaireachtaí agus forais phoiblí iomchuí.
- Suíomh gréasáin.

Ina theannta sin, a luaithe is a bheidh rannóga agus oifigí, a bhfuiltear ag geallúint sa scéim seo go gcuirfidh siad seirbhís ar leith ar fáil, in ann é sin a dhéanamh, cuirfear é seo in iúl go soiléir freisin. Cuireadh cóip den scéim seo chuig Oifig An Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla bunleagan na scéime seo.

Aguisín 1- Struchtúr rialachais Choláiste na Tríonóide



Aguisín 2- Struchtúr na nDámh agus na Scoileanna i gColáiste na Tríonóide

Struchtúr Dáimhe /Scoile

Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta	
<p>Scoil an Ghnó</p> <ul style="list-style-type: none"> • Staidéir Ghnó 	<p>Scoil an Dí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dí
<p>An Scoil Drámaíochta, Scannánaíochta agus Ceoil</p> <ul style="list-style-type: none"> • Drámaíocht agus Amharclannaíocht • Ceol • Scannánaíocht 	<p>Scoil na nEolaíochtaí, Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide</p> <ul style="list-style-type: none"> • An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide • Léann na hUrlabhra Cliniciúla agus na dTeangacha • Lárionad Léann na mBodhar
<p>Scoil an Oideachais</p> <ul style="list-style-type: none"> • Oideachas 	<p>Scoil na Síceolaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Síceolaíocht
<p>Scoil an Bhéarla</p> <ul style="list-style-type: none"> • Béarla 	<p>Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Eacnamaíocht • Eolaíocht Pholaitiúil • Socheolaíocht • Fealsúnacht
<p>Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Stair • Stair na hEalaíne • Na Clasaicí • Lárionad Léann na nInscní agus na mBan 	<p>Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Léann Sóisialta
<p>Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr</p> <ul style="list-style-type: none"> • Lárionad Léann na hEorpa • Léann na dTeangacha Gearmánacha • Léann na dTeangacha Easpáinneacha • An Ghaeilge agus na Teangacha Ceilteacha • Iodáilis • An Léann Rúiseach agus Slavach • Fraincis 	<p>Scoil na Reiligiún, na Diagachta agus na hÉacúimínice (ar na bacáin)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reiligiúin agus Diagacht • Scoil Eacúimínice na hÉireann

Aguisín

Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta	
<p>Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bithcheimic • Imdhíoneolaíocht 	<p>An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Géineolaíocht • Micribhitheolaíocht
<p>Scoil na Ceimice</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceimic na nÁbhar Neamhorgánach agus Sintéiseach • Ceimic Orgánach, Leighis agus Bhitheolaíochta • Ceimic Fhisiceach, Ríomhaireachtúil agus Ábhair 	<p>Scoil na Matamaitice</p> <ul style="list-style-type: none"> • Matamaitic
<p>Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Eolaíocht Ríomhaireachta • Staitisticí 	<p>Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tíreolaíocht • Geolaíocht • Zó-eolaíocht • Luibheolaíocht
<p>Scoil na hInnealtóireachta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúr agus Comhshaoil • Innealtóireacht Leictreonaice & Leictreach • Innealtóireacht Mheicniúil & Déantúsaíochta 	<p>Scoil na Fisice</p> <ul style="list-style-type: none"> • Fisic

Dámh na nEolaíochtaí Sláinte

Scoil na hEolaíochta Déadaí

- Máinliacht Bhéil, Leigheas Béil agus Paiteolaíocht Bhéil
- Sláinte Déadach an Phobail agus na bPáistí
- Fiaclóireacht Athchóirithe agus na Peireadónteolaíochta
- Eolaíochtaí Bitheacha Béil

Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais

- Altranas Ginearálta
- Altranas Síciatrach
- Altranas Míchumais Intleachta
- Altranas Péidiatraiceach
- Cnáimhseachas


Scoil an Leighis

- Anatamaíocht
- Leigheas Cliniciúil
- Seaneolaíocht Leighis
- Cnáimhseachas & Liacht na mBan
- Péidiatraic
- Cógaseolaíocht & Teiripeolaíocht
- Fiseolaíocht
- Síciatracht
- Sláinte Phoiblí agus Cúram Príomhúil
- Máinliacht
- Histeapaiteolaíocht & Anatamaíocht Ghalrach
- Haemaiteolaíocht
- Imdhíoneolaíocht
- Micribhitheolaíocht Chliniciúil
- An tAonad um Chothú agus um Léann Daitéitice
- Teiripe Radaíochta
- Fisiteiripe
- Teiripe Ceirde
- An Lárionad Polasaí agus Bainistíochta Sláinte

Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta

- Cógaisíocht

Aguisín 3- An struchtúr riaracháin i gColáiste na Tríonóide



**IOMPAIGH DON
LEAGAN BÉARLA**